



## ***Sound & Vision Grant Agreement & Drawdown Guide***

This Guide is intended to provide an overview of the procedures for accepting an offer from *Sound & Vision*, signing a Grant Agreement and drawing down funding.

As each Grant Agreement is negotiated individually, minor variations in the process can occur from time to time. For this reason, one of the staff below will be more than willing to offer assistance during the process of accepting a funding offer and signing a Grant Agreement.

Elizabeth Farrelly                      Tel: 01 6441200 E-mail: efarrelly@bci.ie  
Philip Cooper                              Tel: 01 6441200 E-mail: pcooper@bci.ie

After you have signed your Grant Agreement, the following people are your contacts for drawing down the remaining funding:

Louise McLoughlin      Tel: 01 6441200 Email: lmcloughlin@bci.ie      (English language projects)  
Andrea Leonard              Tel: 01 6441200 Email: aleonard@bci.ie      (Bi-lingual/Irish language projects)

### Note:

The purpose of this document is to provide guidance on the process relating to the BCI Sound & Vision Grant Agreement and to funding drawdown requests. The document should not be regarded as a complete or authoritative statement of law or of the Scheme. These guidance notes are non-binding and are provided to assist broadcasters and independent producers. For the avoidance of doubt, always refer to the terms of the Grant Agreement itself.

The BCI reserves the right to amend this Guide at any time.

## Key Steps for Successful Applicants

### 1. Accept Funding Offer

- 1.1 Accept funding offer by signing, dating & returning the acknowledgement slip
- 1.2 BCI issues draft Grant Agreement
- 1.3 BCI communicates conditions and feedback from the assessment stage

### 2. Agree Terms of Grant Agreement

- 2.1 Successful applicant reviews draft Grant Agreement
- 2.2 BCI and successful applicant discuss/negotiate terms and agree a schedule for drawing down the grant
- 2.3 Successful applicant submits mandatory documentation

### 3. Sign Grant Agreement and Drawdown 1st Tranche of Funding

- 3.1 BCI issues 3 copies of Grant Agreement for successful applicant to sign & return
- 3.2 BCI representatives sign 3 copies of Grant Agreement & issue 1<sup>st</sup> tranche payment

### 4. Drawdown Payments between the 1st and Final Tranches

- 4.1 Amending the Grant Agreement
- 4.2 Grantee formally requests 2<sup>nd</sup>/3<sup>rd</sup>/4<sup>th</sup> tranche of funding
- 4.3 Grantee submits all required documentation for BCI review & approval
- 4.4 BCI issues next tranche of payment, in line with drawdown schedule

### 5. Complete Project and Drawdown Final Payment

- 5.1 Grantee formally requests final tranche of payment & submits required documentation for BCI review and approval
- 5.2 BCI issues final tranche payment, in line with drawdown schedule

## Stage 1 – Accepting the Funding Offer

---

### 1.1 Formally Accept the Funding Offer

Successful applicants should carefully read the funding offer letter and all the supporting documentation included with it. If the Applicant chooses not to take up the offer of funding, he/she should notify the BCI in writing. If the Applicant decides to accept the funding offer, he/she must sign and date the “Acknowledgement Slip” enclosed with the letter and return it to the BCI. This acknowledgement must be received **no later than three months** of the date of the offer letter.

### 1.2 Draft Grant Agreement

On receipt of the Acknowledgement Slip, a member of the BCI’s Contract Awards team will normally issue a draft Grant Agreement for the applicant to review and comment upon.

### 1.3 Funding Conditions/Feedback

The BCI may also provide relevant feedback to the grant recipient from the assessment of their funding application, particularly in cases where the funding allocation is less than the amount requested in the application. Any conditions attached to the grant offer will be communicated at this stage.

## Stage 2 – Agree Terms of the Grant Agreement

---

### 2.1 Review the Draft Grant Agreement

Successful applicants should read the draft Grant Agreement carefully, to understand the terms under which they have been awarded the grant, the requirements for each draw down of funding and the final deliverables. It may be advisable to seek legal advice at this stage, if appropriate. *Sound & Vision* officers can be contacted if the applicant wishes to discuss or negotiate the terms of the Grant Agreement.

### 2.2 Negotiations

Grant Agreements must be signed **within 12 months** of the date of the offer letter. If an Agreement is not signed in this time, the funding offer may be revoked. Applicants are required to notify the BCI of any delays and difficulties encountered prior to, or during, the contracting process.

Applicants will indicate to the BCI a schedule of funding drawdown requests. Grant recipients must adhere to this timetable when requesting each tranche of funding. The BCI must be notified in advance, in writing, of any anticipated variation in the funds drawdown schedule. These changes must be approved in writing by the BCI.

The BCI retains the right to introduce a recoupment clause in any contract under the Scheme where a sizeable grant has been approved to a programme or series of programmes that might reasonably be expected to make a significant profit.

#### FAQs

- *What happens if I can’t conclude the Grant Agreement within the 12 month offer period?*  
Contact the BCI to discuss various options. It may be possible to seek an extension, but this extension must be requested in writing and is not automatically given.
- *The project has become unviable and I no longer wish to accept the funding offer, what do I do?*  
Notify the BCI in writing at the earliest opportunity, to confirm your withdrawal of the project.

- *What should I do if one of the key participants/crew in the approved proposal has dropped out?*  
It is always best to notify the BCI in writing of any variations which may impact on the *content* of the proposed programme. Variations will be assessed against the original approved application to gauge its impact on the proposed content or quality of the final programme(s). Similarly, if a crew member has pulled out of the project, you must inform the BCI in writing. You can suggest an alternative person to fulfil that role and, if the project is deemed not to be unduly affected, approval will generally be given.
- *We want to make fewer programmes and/or change the programme duration from the original proposal – is this possible?*  
You should submit new proposals in writing. These will be assessed against the original proposal and the BCI will decide if they are acceptable.
- *I've started making the programme and it's due to be broadcast shortly, but I still haven't signed an agreement with the BCI, what can I do?*  
The BCI's offer of funding is always conditional until such time as the Grant Agreement has been signed, and the BCI reserves the right to revoke a grant offer. The Grant Agreement is structured such that funding tranches are linked in with various production stages. For this reason, it is urgent that you give priority to the BCI's Grant Agreement and the terms and conditions therein. **The BCI will not sign a Grant Agreement where a programme has already been made or has been broadcast.**

### 2.3 Submit Mandatory Documentation

Successful applicants are required to submit additional documents, as set out below, before the Grant Agreement can be finalised.

- Memorandum & Articles of Association OR Rules of Register of Friendly Societies
- Certificate of Incorporation (if applicable)
- A valid Tax Clearance Certificate from the Irish Revenue Commissioners
- Chain of Title documentation (if applicable)
- Evidence of commitment of third party funding (if applicable)
- Proof of adequate production insurance
- Details of a bank account (Bank name, address, account no., sort code and IBAN number) used specifically for finances related to this project i.e. a 'no set-off' letter from the bank
- A copy of the agreement between the applicant and the broadcaster, specifying peak-time broadcast, the availability of subtitling on this project and the crediting of the *Sound & Vision* scheme
- Other additional documentation as required on a case-by-case basis

The BCI will review all the required documentation submitted and indicate whether it meets the required standards.

The Commission will only approve the release of funding once all required documentation has been received, approved and the grant agreement has been signed by all parties.

Other production and financing agreements relating to the project will also need to need to be approved by the Commission.

Once the release of a payment is approved the Commission will notify the grantee of the anticipated payment date, bearing in mind that the BCI operates a single pay run per month.

## Stage 3 – Sign Grant Agreement & Drawn down 1<sup>st</sup> Tranche of Funding

---

### 3.1 Issue & Sign Final Grant Agreement

The BCI will issue 3 copies of the Grant Agreement for signing by the successful applicant. This is a legally binding document, so it must be read thoroughly by the applicant. The applicant should then sign each copy and return all 3 to the BCI.

### 3.2 Drawing down the 1<sup>st</sup> Tranche

On receipt of the Grant Agreements, the BCI will co-sign each of them and return one copy to the grantee for their records. The Grantee will be notified of the anticipated payment date for the 1<sup>st</sup> tranche. To drawdown the remaining tranches of funding, the grantee must contact one of the relevant officers listed on the first page of this document.

The BCI will endeavour to facilitate timely negotiation of the Grant Agreement and payment of funding tranches. Please note that the process of concluding a Grant Agreement can proceed swiftly if all the mandatory documentation is in order when submitted, and if everything is submitted at the same time.

## Stage 4 – Draw down Payments between 1<sup>st</sup> and Final Tranches

---

### 4.1 Making Amendments to the Grant Agreement

If there is a change to the funded project which could breach the terms agreed between the grantee and the BCI, the grantee should notify the BCI and request approval for an amendment to the Grant Agreement in writing. The BCI will review this request and communicate the decision to the grantee. Generally, the BCI will approve minor amendments quickly. More significant changes may take longer to resolve.

The grantee is responsible for ensuring compliance with the terms of their Grant Agreement. If there are any contractual changes made to the project without the BCI approval in writing, the grantee will be considered in breach of the Grant Agreement. Action may be taken in accordance with the mechanisms available to the BCI under the terms of the Grant Agreement. This will be noted on the grantee's track record and could impact on decisions on future applications.

### 4.2 Request Tranches of Funding

Grantees must refer to the funding drawdown schedule in their Grant Agreements for the dates when they request each tranche of funding. If the grantee is unable to make a request on the agreed date, he/she should inform the BCI and request approval for an amendment to the drawdown schedule. The BCI may delay payments until a revised schedule is agreed.

### 4.3 Submit Documentation

For every tranche draw down, the grantee should submit a formal request for payment and a valid tax clearance certificate, on the date agreed in the drawdown schedule. He/she must also provide all of the required documentation for that particular tranche, as set out in Section 1 of their Grant Agreement. The grantee must refer to this section before submitting a request; however, in general, the documentation is as follows:

#### *2<sup>nd</sup> tranche*

- Producer confirmation that production has begun (Radio) OR principal photography has begun (TV)
- Broadcaster's Progress Report on the project
- Cost Report on the project to date (see example below)

*3<sup>rd</sup> tranche (generally for Television projects only)*

- Producer confirmation that principal photography has been completed
- Broadcaster’s Progress Report on the project
- Cost Report on the project to date (see example below)

*4<sup>th</sup> tranche (generally for Television projects only)*

- Producer confirmation that the Production is at the stage of rough cut
- Broadcaster’s Rough Cut Report on the project
- Cost Report on the project to date (see example below)

Please note that cost reports should be comparable to the original budget agreed between the grantee and the BCI in the Grant Agreement (normally in the 2<sup>nd</sup> Schedule). You should, therefore, use the original budget as a starting point for your cost report; setting out the original cost for each line item, how much has been spent to date, how much it will cost to complete the project and by how much this varies from the original figure. Along with the cost report, you should include explanatory notes for any items that differ significantly from the original budgeted amount.

Cost Report Example		Project Title: “My Project” ref: R1/R PA/111					
Crew costs	Unit Description	Number	Rate (€)	Original Budget Total	Spent to date	Cost to Complete	Variance
Producer	Hour/Day/Week	X	XX	XXX	XX	X	-
Director							
Presenter(s)							
Researcher(s)							

**4.4 Issuing Payment**

The BCI will issue payments for grantees, either by cheque or bank transfer, up to 15 working days from the start of each month. In order to process each request, grantees must submit all the required documentation before the last working day of the previous month.

The BCI will contact the grantee if the documentation does not meet the required standards. In these cases, the documentation may be revised and resubmitted, but must meet the deadline of the last working day of the month. If it is submitted after the deadline, payment may be delayed until the following month.

**Stage 5 – Complete Project and Draw down Final Tranche**

**5.1 Request Final Tranche & Submit Documentation**

The grantee requests the final tranche of payment by submitting a formal request and a valid tax clearance certificate on the date agreed in the drawdown schedule, as with previous tranche requests. The grantee must also submit the documentation listed under the relevant part of Section 1 of their Grant Agreement. This list generally, but not always, includes the following:

*Final Tranche (please refer to your Grant Agreement for full details)*

- Letter from the broadcaster confirming the following: delivery of the project in accordance with the broadcasting contract; that the programme will be broadcast at peak times, with the *Sound & Vision* credit<sup>1</sup> and with subtitles available<sup>2</sup> (if applicable)
- Copies of all publicity materials relating to the project

<sup>1</sup> Applicants must always acknowledge the funding support, in accordance with the BCI Guidelines for credits. The credit and the Guidelines are available to download from [www.bci.ie/broadcast\\_funding\\_scheme/bci\\_logos\\_credits.html](http://www.bci.ie/broadcast_funding_scheme/bci_logos_credits.html).

<sup>2</sup> All programmes funded by BCI’s Sound & Vision scheme must be subtitled in accordance with the BCI’s Access Rules.

- Digital copies of: the publicity material generated in respect of the Production, production notes, full credits, synopsis of the programme and any still images in TIFF image format (TV only)
- One CD copy of the project (Radio) OR one Digibeta and two DVD copies of the project (TV)
- An audited cost of production statement and/or full audited accounts for the project

European Commission rules require that an audit be completed on each project to ensure compliance with *Sound & Vision* scheme guidelines and EC state aid rules. The cost of production statement and final accounts (if applicable) must be audited by a registered auditor or firm of auditors. The audit should cover all costs associated with the project, including any in-kind support provided. It should be signed and dated and on the auditor's headed paper. Guidelines in relation to audits for *Sound & Vision* projects will be issued shortly.

The BCI will review all submitted documentation to ensure that it meets the terms of the Grant Agreement. The grantee is contacted if the documentation does not meet the required standards.

## **5.2 Issuing Final Payment**

As with previous tranche requests, documentation may be revised and resubmitted, but must meet the deadline of the last working day of the month, in order to be paid the following month. Cheques/Bank transfers will be made up to 15 working days at the start of each month.

The BCI carefully examines the audited cost of production statement before issuing the final tranche payment. In cases where the production is made for less than 95% of the original budget, the BCI may reduce the grant amount, as set out in Section 4 of the Grant Agreement. The BCI will notify the grantee if the funding amount is reduced.

*This Sound & Vision Grant Agreement and Drawdown Guide is meant to provide you with an overview of the process. Should you have queries relating to aspects of the contract negotiations, or while requesting the remaining funding tranches, please do not hesitate to contact a member of the staff listed on the first page; they will be more than willing to help you.*



## Treoir i dtaobh Deontais *Sound and Vision* a Chomhaontú agus a Tharraingt Anuas

Tá sé i gceist ag an treoir seo forléargas a chur ar fáil maidir leis na nósanna imeachta chun glacadh le tairiscint, chun Comhaontú Deontais a shíniú agus chun maoiniúchán a tharraingt anuas ó Sound & Vision.

Toisc go ndéantar idirbheartaíocht faoi leith maidir le gach Comhaontú Deontais, is féidir le mionathruithe tarlú sa phróiséas ó am go chéile. Dá bhrí sin, beidh duine de na baill foirne thíos níos mó na sásta cúnamh a thairiscint le linn an phróiséis a bhaineann le glacadh le tairiscint agus Comhaontú Deontais a shíniú.

Elizabeth Farrelly	Teil: 01 6441200	R-phost: efarrelly@bci.ie
Philip Cooper	Teil: 01 6441200	R-phost: pcooper@bci.ie

Tar éis duit an Comhaontú Deontais a shíniú, is iad seo a leanas na daoine a bheidh mar theagmhálaithe agat chun an maoiniúchán atá fágtha a tharraingt anuas:

Louise McLoughlin	Teil: 01 6441200	R-phost: lmcloughlin@bci.ie	(Tionscadail Bhéarla)
Andrea Leonard	Teil: 01 6441200	R-phost: aleonard@bci.ie	(Tionscadail Ghaeilge/Dháttheangacha)

Tabhair faoi deara:

Is mar threoir amháin atá an doiciméad seo, a bhaineann leis an bpróiséas maidir le conradh deontais a dhéanamh agus le Comhaontú Deontais Sound & Vision an BCI, á eisiúint. Níltear ag cur in iúl gur ráiteas cuimsitheach ar an dlí ná ar an Scéim an doiciméad seo. Níl aon ní ceangailteach ag baint leis, agus is ar mhaithe le cabhair a thabhairt do chraoltóirí agus do léiritheoirí neamhspleácha atá sé á chur ar fáil. Ionas nach mbeidh aon amhras ann, moltar duit na téarmaí atá sa Chomhaontú Deontais a léamh.

Forchoimeádann an BCI an ceart an Treoir seo a leasú ag am ar bith.

## Príomh-chéimeanna d'Iarratasóirí Rathúla

### 1. Glac leis an Tairiscint ar Mhaoiniúchán

- 1.1 Glactar leis an tairiscint ar mhaoiniúchán trí an duillín admahála a shíniú, a dhátú agus a sheoladh ar ais
- 1.2 Eisíonn an BCI Dréacht-Chomhaontú Deontais
- 1.3 Cuireann an BCI in iúl na coinníollacha agus an t-aiseolas ó chéim an mheasúnaithe

### 2. Comhaontaigh Téarmaí an Chaomhaontú Deontais

- 2.1 Athbhreithníonn na hiarratasóirí rathúla an dreacht-chomhaontú
- 2.2 Pléann/idirbheartaíonn an BCI agus na hiarratasóirí rathúla na téarmaí agus comhaontaíonn said sceideal maidir leis an deontas a tharraingt anuas
- 2.3 Cuireann an t-iarratasóir rathúil doiciméadú éigeantach faoi bhráid an BCI lena fhaomhadh

### 3. Síniú an Comhaontú Deontais agus Tarraing Anuas an Chéad Tráinse den Mhaoiniúchán

- 3.1 Eisíonn an BCI trí (3) chóip den gComhaontú Deontais chun go ndéanfaidh an t-iarratasóir rathúil iad a shíniú agus a sheoladh ar ais
- 3.2 Síniú ionadaí an BCI trí (3) chóip den Chomhaontú Deontais agus eisítear an íocaíocht don chéad tráinse

### 4. Tarraing Anuas Íocaíochtaí idir an chéad tráinse agus an Tráinse deiridh

- 4.1 Leasú an Chomhaontas Deontais
- 4.2 Éilíonn an deontas go foirmeálta an dara/tríú/ceathrú tráinse den mhaoiniúchán
- 4.3 Cuireann an deontas an doiciméadú riachtanach ar fad faoi bhráid an BCI chun é a athbhreithniú agus a fhaomhadh
- 4.4 Eisíonn an BCI an chéad tráinse eile den íocaíocht, de réir an sceidil maidir lena tharraingt anuas

### 5. Críochnaigh an Tionscadal agus Tarraing Anuas an Íocaíocht Dheiridh

- 5.1 Éilíonn an deontas an tráinse deiridh den íocaíocht go foirmeálta agus cuirtear an doiciméadú riachtanach ar fad faoi bhráid an BCI chun é a athbhreithniú agus a fhaomhadh
- 5.2 Eisíonn an BCI an tráinse deiridh den íocaíocht, de réir an sceidil maidir lena tharraingt anuas

## Céim 1 – Glacadh leis an dTairiscint ar Mhaoiniúchán

---

### 1.1 Glactar go Foirmeálta leis an dTairiscint ar Mhaoiniúchán

Ba chóir d-iarratasóirí rathúla an litir maidir leis an dtairiscint ar mhaoiniúchán agus na doiciméid tacaíochta ar fad atá san áireamh a léamh go cúramach. Má roghnaíonn an t-iarratasóir gan glacadh leis an dtairiscint ar mhaoiniúchán, bá chóir dó/di é sin a chur in iúl don BCI i scríbhinn. Má chinneann an t-iarratasóir glacadh leis an dtairiscint ar mhaoiniúchán, ní mór dó/di an Duillín Admhála atá iniata sa litir a shíniú agus a dhátú agus a sheoladh ar ais chuig an BCI. Ní mór don admháil sin a bheith faighte ag an BCI ag tráth nach déanaí ná trí mhí é ón dáta ar an litir tairisceana.

### 1.2 Dréacht-Chomhaontú Deontais

Chomh luath agus a fhaightear an Duillín Admhála, go hiondúil eiseoidh ball d'fhoireann Dámhadh Conartha an BCI Dréacht-Chomhaontú Deontais chun an deis a thabhairt don iarratasóir athbhreithniú a dhéanamh air agus tuairim a chur in iúl faoi.

### 1.3 Coinníollacha/Aiseolas i dtaobh Maoiniúcháin

Tig leis an BCI chomh maith aiseolas ábhartha a chur ar fáil d'fhaighteoir deontais ón measúnú a rinneadh ar a n-iarratas ar dheontas, ach go háirithe i gcásanna ina bhfuil an leithdháileadh ar mhaoiniúchán níos lú ná an méid a éilíodh san iarratas. Cuirfear aon choinníollacha a ghabhann leis an dtairiscint ar dheontas in iúl ag an bpointe sin.

## Céim 2 – Comhaontaigh Téarmaí an Chomhaontú Deontais

---

### 2.1 Athbhreithnigh an Dréacht-Chomhaontú

Ba chóir d'iarratasóirí rathúla an Dréacht-Chomhaontú a léamh go cúramach, ionas go dtuigfidh siad na téarmaí faoinar dámhadh an deontas orthu, na ceangaltas maidir le gach tarraingt anuas den mhaoiniúchán agus an t-ábhar deiridh inseachadta. D'fhéadfadh sé a bheith inmholta comhairle dlí a lorg ag an bpointe seo, más cuí. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hoifigigh *Sound & Vision* mas mian leis an iarratasóir téarmaí an Chomhaontú Deontais a phlé nó idirbheartaíocht a dhéanamh ina dtaobh.

### 2.2 Idirbheartaíocht

Ní mór Comhaontuithe Deontais a shíniú **laistigh de 12 mí** ó dháta na litreach tairisceana. Muna sínítear comhaontú san am sin, is féidir an tairiscint a aisghairm. Tá se riachtanach d'iarratasóirí aon mhoill nó deacrachtaí a tharlaíonn roimh, nó le linn, phróiseas an chonartha a chur in iúl don BCI.

Cuirfidh iarratasóirí sceideal iarratas maidir leis an mhaoiniúchán a tharraingt anuas faoi bhráid an BCI. Ní mór dóibh siúd a fhaigheann deontais cloí leis an amchlár sin agus gach tráinse den mhaoiniú á éileamh acu. Ní mór aon athruithe ar sceideal tharraingt anuas an mhaoiniúcháin a bhfuiltear ag súil leo a chur in iúl roimhré, i scríbhinn, don BCI. Ní mór na hathruithe sin a bheith faofa i scríbhinn ag an BCI.

Forchoimeádann an BCI an ceart clásail aisghabhála a chur isteach in aon chonradh faoin Scéim nuair atá deontas mór go maith faofa do chlár nó do shraith clár a d'fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnach fúthu go bhféadfaidís brabús suntasach a dhéanamh.

#### Ceisteanna a cuirtear go minic

- *Céard a tharlóidh muna mbeidh sé ar mo chumas an Comhaontú Deontais a chur i gcríoch laistigh de thréimhse 12 mí na tairisceana?*  
Déan teagmháil leis an BCI chun na roghanna éagsúla a phlé. D'fhéadfaí go mbeadh sé indéanta síneadh a lorg ach ní mór an síneadh a éileamh i scríbhinn agus ní thugtar sa ghnáthchúrsa é.

- *Níl an tionscadal inmharthanach agus ní mian liom a thuilleadh glacadh leis an dtairiscint ar mhaoiniúchán, céard a dhéanfaidh mé?*  
Cuir é sin in iúl i scríbhinn don BCI a luaithe agus is féidir leat, lena dheimhniú go bhfuil an tionscadal á tharraingt siar agat.
- *Céard is cóir dom a dhéanamh má tá duine de na príomhrannpháirtithe nó príomh-bhall den chriú sa mholadh atá faofa tar éis tarraingt siar?*  
Is fearr i gcónaí fios a chur ar an BCI i scríbhinn maidir le haon athruithe a bhféadfaidís tionchar a bheith acu ar ábhar an chláir atá á moladh. Déanfar athruithe a mheasúnú i gcomparáid leis an iarratas a faomhadh ar an gcéad dul síos chun a iarmhairt ar an ábhar molta nó ar chaighdeán an chláir (na gclár) sa deireadh a thomhas. Sa chaoi céanna, má tá ball foirne tar éis tarraingt amach as an dtionscadal, ní mór duit é sin a chur in iúl i scríbhinn don BCI. Is féidir leat duine malartach chun an ról sin a líonadh a mholadh agus, má mheastar nach mbeidh tionchar míchuí aige sin ar an dtionscadal, go hiondúil ceadófar é sin.
- *Teastaíonn uainn líon níos lú clár a dhéanamh agus/nó ba mhaith linn achar an chláir a athrú ón moladh a rinneadh sa chéad áit – an féidir é sin a dhéanamh?*  
Ba chóir moltaí nua a chur faoi bhráid an BCI. Déanfar measúnú orthu sin i gcomparáid leis an moladh a rinneadh ar an gcéad dul síos agus cinneadh an BCI an bhfuil siad inghlactha.
- *Tá tús curtha agam leis an gclár a dhéanamh agus tá sé le craoladh sar i bhfad, ach níl comhaontú sínithe agam fós leis an BCI, céard is féidir liom a dhéanamh?*  
Bíonn tairiscint ar mhaoiniúchán ón BCI coinníollach i gcónaí go dtí an t-am sin a sínítear an Comhaontú Deontais, agus forchoimeádaí an BCI an ceart tairiscint ar dheontas a aisghairm. Tá an Comhaontú Deontais struchtúrtha sa tslí is go bhfuil dlúthbhaint idir na tránsí maoiniúcháin agus na céimeanna éagsúla den léiriúchán. Dá bhrí sin, tá sé práinneach go dtugann tú tosaíocht do Chomhaontú Deontais an BCI agus do na téarmaí agus na coinníollacha atá ann. **Ní shíneoidh an BCI Comhaontú Deontais go hiarghabhálach.**

### 2.3 Cuir Isteach an Doiciméadú Éigeantach

Tá sé riachtanach d'iarratasóirí rathúla doiciméid bhreise, mar atá leagtha amach thíos, a chur faoi bhráid an BCI, sular féidir an Comhaontú Deontais a chur i gcrích.

- Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais NÓ Rialacha Chlár na gCara-Chumann
- Deimhniú Corpraithe (má bhaineann)
- Deimhniú Imreítigh Cánach bailí ó Choimisinéirí Ioncaim na hÉireann
- Doiciméadú maidir le Slabhra Teidil (má bhaineann)
- Fianaise maidir le gealltanais maoiniúcháin ó thríú pháirtí (má bhaineann)
- Cruthúnas maidir le hárachas dóthaineach léiriúcháin
- Sonraí chuntas bainc (Ainm an bhainc, seoladh an bhainc, uimhir cuntais, cód sortála agus uimhir IBAN) a n-úsáidfead go sonrath do chúrsaí airgeadais a bhaineann leis an tionscadal seo i.e. litir 'neamh-fhritháirimh' ón mbanc.
- Cóip den chomhaontú idir an t-iarratasóir agus an craoltóir, ag sonrú craolacháin ag buaic-am, a infhaighte agus atá fotheidealú don tionscadal agus go bhfuil creidiúint tugtha don scéim *Sound & Vision*.
- Doiciméid bhreise eile mar a bheidh de dhíth ar bhonn cás-ar-chás.

Athbheithneoidh an BCI an doiciméadú riachtanach ar fad a chuirtear isteach agus cuirfidh an BCI in iúl an sásaíonn nó nach sásaíonn sé na coinníollacha riachtanacha.

Ní cheadóidh an Coimisiún an maoiniúchán a scaoileadh ach amháin i gcás go bhfuil an doiciméadú riachtanach ar fad faighte agus faofa agus go bhfuil an comhaontú deontais sínithe ag na páirtithe ar fad.

Beidh ceadú an Choimisiúin de dhíth chomh maith maidir le comhaontuithe eile léiriúcháin agus maoiniúcháin a bhaineann leis an dtionscadal.

A luaithe is a cheadaítear scaoileadh an mhaoiniúcháin cuirfidh an Coimisiún an dáta a bhfuiltear ag súil leis an íocaíocht a dhéanamh in iúl don deontáí, ag cuimhniú i gcónaí nach ndéanann an BCI ach eisiúint íocaíochta amháin sa mhí.

### **Céim 3 – Síniú an Comhaontú Deontais agus Tarraing anuas an Chéad Tráinse den Mhaoiniúchán**

---

#### **3.1 Eisiúint agus Síniú an Chomhaontú Deontais Deiridh**

Eiseoidh an BCI trí (3) chóip den gComhaontú Deontais chun go síneoidh an t-iarratasóir rathúil iad. Ceangal dlí is ea an doiciméad sin, agus dá bhrí sin ní mór don iarratasóir é a léamh go lánchúramach. Ba chóir don iarratasóir ansin gach cóip a shíniú agus gach ceann den trí (3) chinn acu a sheoladh ar ais go dtí an BCI.

#### **3.2 Tarraingt anuas an Chéad Tráinse**

Nuair a fhaightear ar ais na Comhaontuithe Deontais, comhshíneoidh an BCI gach ceann acu agus seolfaidh siad cóip amháin ar ais go dtí an deontáí dá chuid taifid féin. Cuirfear an dáta ar a bhfuiltear ag súil an chéad tráinse a íoc in iúl don Deontáí. Chun na tráinsí atá fágtha a tharraingt anuas, ní mór don deontáí teagmháil a dhéanamh le duine de na hoifigigh ábhartha atá liostaithe ar an gcéad leathanach den doiciméad seo.

Déanfaidh an BCI a dhícheall idirbheartaíocht maidir leis an gComhaontú Deontais agus íocaíocht na dtráinsí maoiniúcháin a éascú. Tabhair faoi deara gur féidir leis an bpróiseas chun Comhaontú Deontais a chur i gcríoch dul chun cinn go tapaidh nuair atá an doiciméadú éigeantach ar fad in ord nuair a chuirtear isteach é, agus nuair a chuirtear isteach an t-iomlán ag an am gcéanna.

### **Céim 4 – Tarraing anuas íocaíochtaí idir an Chéad Trainse agus an Tráinse Deiridh**

---

#### **4.1 Leasuithe á nDéanamh ar an gComhaontú Deontais**

Má tá aon athrú ar an dtionscadal a ndearnadh maoiniú air a d'fhéadfadh na téarmaí a comhaontaíodh idir an deontáí agus an BCI a shárú, ba chóir don deontáí é sin a chur in iúl don BCI agus ceadú i scríbhinn maidir le leasú ar an gComhaontú Deontais a éileamh. Déanfaidh an BCI athbhreithniú ar an iarratas sin agus cuirfidh siad an cinneadh in iúl don deontáí. Go hiondúil, tabharfaidh an BCI faomhadh go tapaidh do mhionleasuithe. D'fhéadfadh sé go nglacfaidh sé achar níos faide athruithe níos suntasaí a réiteach.

Tá an deontáí freagrach as comhlíonadh théarmaí a gComhaontú Deontais a chinntiú. Má dhéantar aon athruithe conartha gan chead roimhré i scríbhinn ón BCI, measfar go mbeidh an deontáí tar éis an Comhaontas Deontais a shárú. D'fhéadfadh an BCI gníomh in aghaidh a léithid a thabhairt trí leas a bhaint as fearais an Chomhaontaithe. Nótáilfear é sin ar thaifead an deontáí agus d'fhéadfadh sé tionchar a bheith aige ar chinntí a dhéanfar maidir le hiarratais amach anseo.

#### **4.2 Éiligh Tráinsí Maoiniúcháin**

Ní mór do dheontaithe tagairt a dhéanamh don sceideal ina gComhaontú Deontais maidir le maoiniú a tharraingt anuas le haghaidh na ndátaí ar a n-éilíonn siad gach tráinse den mhaoiniúchán. Muna bhfuil sé ar chumas deontáí iarratas a dhéanamh ar an dáta comhaontaithe, bá chóir dó/di é sin a chur in iúl don BCI agus cead a iarraidh leasú a dhéanamh ar an sceideal maidir le maoiniúchán a tharraingt anuas. Cuirfidh an BCI moill ar íocaíochtaí go dtí go gcomhaontófar sceideal leasaithe.

### 4.3 Cuir Isteach an Doiciméadú

I gcás gach tráinse a tharraingítear anuas, bá chóir don deontáí iarratas foirmeálta ar íocaíocht agus deimhniú bailí imréiteach cánach a chur faoi bhráid an BCI, ar an dáta a comhaontaíodh sa sceideal maidir le maoiniúchán a tharraingt anuas. Ní mór dó/di freisin an doiciméadú riachtanach ar fad don tráinse áirithe sin a sholáthar, mar atá leagtha amach i gCuid a hAon dá gComhaontú Deontais. Ní mór don deontáí tagairt a dhéanamh don chuid sin sula ndéanfar iarratas; go hiondúil, áfach, is mar seo a leanas atá an doiciméadú:

#### An dara tráinse

- Deimhniú an léiritheora go bhfuil tús curtha leis an léiriúchán (raidió) NÓ go bhfuil tús curtha leis an bpríomhscannánaíocht (Teilifís)
- Tuairisc ar Dhul Chun Cinn ón gCraoltóir
- Tuarascáil Chostais ar an dtionscadal go dáta (féach an sampla thíos)

#### An tríú tráinse (de ghnáth do thionscadail teilifíse amháin)

- Deimhniú ón léiritheoir gur críochnaíodh an príomhscannánaíocht
- Tuairisc ar Dhul Chun Cinn ón gCraoltóir
- Tuarascáil Chostais ar an dtionscadal go dáta (féach an sampla thíos)

#### An ceathrú tráinse (de ghnáth do thionscadail teilifíse amháin)

- Deimhniú ón léiritheoir go bhfuil céim an ghearrtha réamhlíne sroichte ag an Léiriúchán
- Tuairisc Ghearrtha Réamhlíne an Chraoltóra ar an dtionscadal
- Tuarascáil Chostais ar an dtionscadal go dáta (féach an sampla thíos)

Tabhair faoi deara gur chóir go mbeadh tuarascálacha costais inchoimparáide leis an mbuiséad a comhaontaíodh ar an gcéad dul síos idir an deontáí agus an BCI sa Chomhaontú Deontais (sa dara sceideal de ghnáth). Dá bhrí sin, ba chóir duit an chéad bhuiséad a úsáid mar phointe tosaigh do thuarascála costais; ag leagadh amach bunchostas gach mír líne, an méid atá caite go dtí seo, an méid a chosnóidh sé an tionscadal a chríochnú agus an méid difríochta atá idir é sin agus an figiúr tosaigh. I dteannta an tuarascáil chostais, bá chóir nótaí míniúcháin a chur san áireamh maidir le haon mhíreanna a bhfuil difríocht shuntasach idir iad agus an méid a cuireadh sa bhuiséad dóibh ar an gcéad dul síos.

Sampla de Thuarascáil Chostais		Teideal an tionscadail: "Mo Thionscadal" tag: R1/R PA/111					
Costas Foirne	Cur síos ar an aonad	Líon	Ráta (€)	Iomlán sa Bhuiséad Tosaigh	Caite go dáta	Costas lena Chríochnú	Difríocht
Léiritheoir	San uair, sa lá sa tseachtain	X	XX	XXX	XX	X	-
Stiúrthóir							
Láithreoir(i)							
Taighdeoir(i)							

### 4.4 Eisiúint Íocaíochta

Eiseoidh an BCI íocaíochtaí do dheontaithe, trí sheic nó trí aistriú bainc, suas go dtí 15 lá oibre ó thús gach míosa. Ionas gur féidir gach iarratas a phríoiseáil, ní mór do dheontaithe an doiciméadú riachtanach ar fad a chur faoi bhráid an Choimisiúin roimh lá deireannach oibre ná míosa roimhe sin.

Déanfaidh an BCI teagmháil leis an deontáí i gcás nach gcomhlíonann an doiciméadú na caighdeáin atá de dhíth. Sna cásanna sin, is féidir an doiciméadú a athbhreithniú agus a chur isteach arís, ach ní mór é sin a dhéanamh roimh an spriocdháta – lá deireannach na míosa. Má chuirtear isteach tar éis an spriocdháta é, d'fhéadfaí moill a chur ar an íocaíocht go dtí an mhí dar gcionn.

## Céim 5 – Críochnaigh an Tionscadal agus Tarraing anuas an Tráinse Deiridh

### 5.1 Éiligh an Tráinse Deiridh agus Cuir Isteach an Doiciméadú

Éilíonn an deontáí tráinse deiridh na n-íocaíochtaí trí iarratas foirmeálta agus deimhniú bailí imréitigh cánach a chur isteach ar an dáta a comhaintíodh sa sceideal i dtaobh maoiniúchán a tharraingt anuas, mar a bhí i gcás na n-iarratas roimhe sin ar na tráinsí eile. Ní mór don deontáí chomh maith an doiciméadú atá liostaithe faoin gcuid ábhartha de Chuid 1 dá gComhaontú Deontais a chur isteach. Go hiondúil, ach ní i gcónaí, bíonn an méid seo a leanas i gceist leis an liosta sin:

*An Tráinse Deiridh (déan tagairt do do Chomhaontú Deontais chun na sonraí iomlána a fháil)*

- Litir ón gcráoltóir a dheimhníonn an méid seop a leanas: seachadadh an tionscadail de réir an chonradh craolacháin; go gcráolfar an clár ag buaic-am, le creidiúint *Sound & Vision*<sup>3</sup> agus le fotheidil ar fáil<sup>4</sup> (má bhaineann)
- Cóipeanna den ábhar bolscaireachta ar fad a bhaineann leis an dtionscadal
- Cóipeanna digiteacha: den ábhar bolscaireachta a ginneadh i dtaobh an Léiriúcháin, nótaí léiriúcháin, na creidiúintí ar fad, achoimre ar an gclár agus aon ghrianghraif i bhformáid íomhá TIFF (Teilifís amháin)
- Cóip amháin den dtionscadal ar dhlúthdhiosca (Raidió) NÓ cóip amháin Digibeta agus dhá chóip DVD den dtionscadal (Teilifís)
- Ráiteas iniúchta ar chostas léiriúcháin agus/nó cuntais iniúchta iomlána an tionscadail

Éilíonn rialacha an Choimisiúin Eorpaigh go ndéanfar iniúchadh ar gach tionscadal lena chinntiú go gcomhlíontar treoirlínte na scéime *Sound & Vision* agus rialacha an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cúnamh stáit. Ba cheart go ndéanadh iniúchóir, nó gnólucht cláraithe iniúchóirí, iniúchadh ar an ráiteas deiridh ar chostais agus ar na cuntais iomlána. Ba cheart go gcuirfí gach uile costas a bhaineann leis an dtionscadal san áireamh, agus ba cheart go mbeadh cuntas ann chomh maith ar aon tacaíocht chomhchineáil a cuireadh ar fáil don tionscadal. Ba choir go gcuirfí an ráiteas seo ar fáil don BCI ar pháipéar oifigiúil an iniúcháir. Eiseofar treoirlínte sar i bhfad i dtaobh iniúchtaí ar thionscadail *Sound & Vision*.

Athbhreithneoidh an BCI an doiciméadú ar fad a chuirtear faoina bhráid lena chinntiú go gcomhlíonann sé téarmaí an Chomhaontú Deontais. Déanfar teagmháil leis an ndeontáí muna gcomhlíonann an doiciméadú na caighdeáin atá de dhíth.

### 5.2 Ag Eisiúint na hÍocaíochta Deiridh

Mar a bhí maidir le hiarratais ar na tráinsí roimhe seo, is féidir doiciméadú a athbhreithniú agus a chur isteach arís, ach ní mór dó an spriocdháta – an lá deireannach oibre sa mhí – a chomhlíonadh leis an íocaíocht a fháil an mhí ina dhiaidh sin. Déanfar Seiceanna/Aistrithe Bainc suas go dtí 15 lá oibre ag tús gach míosa.

Scrúdaíonn an BCI an ráiteas iniúchta ar chostas léiriúcháin sula n-eisíonn sé an tráinse íocaíochta deiridh. I gcásanna ina ndearnadh an léiriúchán ar chostas níos lú ná 95% den mbuiséad tosaigh, is féidir leis an BCI méid an deontais a laghdú, mar atá leagtha amach i gCuid 4 den gComhaontú Deontais. Má laghdaítear an méid maoiniúcháin cuirfidh an BCI é sin iúl don deontáí.

*Tá sé i gceist ag an Treoir seo i dtaobh Deontais a Chomhaontú agus A Tharraingt Anuas forléargas a thabhairt duit ar an bpróiseas. Más amhlaidh go bhfuil aon cheisteanna agat a bhaineann le gnéithe den idirbheartaíocht conartha, nó nuair atá na tráinsí deiridh á n-iarraidh agat, ná bíodh aon leisce ort teagmháil a dhéanamh le duine den bhfoireann atá liostaithe ar an gcéad leathanach; beidh siad níos mó ná sásta cabhrú leat.*

<sup>3</sup> Ní mór d'iarratasóirí i ngach cás an tacaíocht maoiniúcháin a admháil, de réir Threoirlínte an BCI i dtaobh Chreidiúintí. Tá an chreidiúint agus na Treoirlínte ar fáil ach iad a íoslódáil ó [www.bci.ie/broadcast\\_funding\\_scheme/bci\\_logos\\_credits.html](http://www.bci.ie/broadcast_funding_scheme/bci_logos_credits.html).

<sup>4</sup> Ní mór fotheidealú a bheith ar gach clár a fhaigheann maoiniúchán ó scéim *Sound & Vision* an BCI de réir Rialacha Rochtana an BCI.